


Gníomhaíochtaí Daltaí:Tógáil 19

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Tógáil 19” ar CD an Dalta.

Tógáil 19: Tadhláí a thógáil do chiorcal tugtha ag pointe a thugtar ar an gchiorcal sin.



1. Cad a bhíonn i gceist le ga chiorcail?

2. Cá mhéad uair a ghearrann tadhláí chiorcail an chiorcal?

3. Úsáid an comhad idirghníomhach, agus déan cur síos ar an bprótacal maidir le tadhláí do chiorcal ar leith a tharraingt ag pointe ar leith ar an gchiorcal sin.

4. Cad é tomhas na huillinne a dhéanann an tadhláí agus an ga?

5. Cad a tharlaíonn nuair a bhogann tú an pointe B timpeall an chiorcail sa chomhad idirghníomhach?

6. Cad a tharlaíonn nuair a bhogann tú A, lár an chiorcail, sa chomhad idirghníomhach?

7. An bhfuil tionchar ag suíomh an pointe B ar an gciorcail ar an tadhlaí ciorcail? Mínigh.

8. Cá mhéad tadhlaí is féidir a tharraingt do chiorcail ar leith ag pointe ar leith ar an gciorcail sin? Mínigh.
